An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Tuarascáil na gCuideachtaí 2013

Arna cur faoi bhráid an Oireachtais de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

## RÉAMHFHOCAL

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na gCuideachtaí don bhliain 2013 a chur i láthair, ina leagtar amach achoimre ar na príomhathruithe a rinneadh ar chreat reachtach na gcuideachtaí i rith na bliana, mar aon le forbairtí eile a rinneadh faoin gcreat.

Síníodh Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 ina dhlí ar an 24 Nollaig, agus, mar a léirítear san ainm, rinneadh leasuithe ann ar ghnéithe neamhghaolmhara éagsúla d'Achtanna na gCuideachtaí, chomh maith le leasuithe ar an Acht Féimheachta 1988 agus ar an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012. Ba é príomhthionscnamh an Achta an leasú ar na forálacha scrúdaitheoireachta i gcás cuideachtaí beaga príobháideacha. Leis sin, cuirfear ar chumas na gcuideachtaí sin iarratas díreach a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar cheapadh scrúdaitheora, seachas é a bheith riachtanach go ndéanfaidís iarratas chun na hArd-Chúirte ar dtús. Laghdófar costais leis sin agus cuirfear rochtain níos fearr ar fáil do chuideachtaí beaga príobháideacha ar an bpróiseas scrúdaitheoireachta trí dheireadh a chur leis an ngá a bhíodh le rannpháirtíocht na hArd-Chúirte. Léirítear leis an leasú an tosaíocht a thugann an Rialtas do thacú leis an bhfiontraíocht agus le cruthú post. Tá an beart lena thosú i mí Iúil 2014, tar éis cur i gcrích ceisteanna nós imeachta maidir leis na Rialacha Cúirte nua a bheidh i bhfeidhm sa Chúirt Chuarda.

Foilsíodh Bille na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 i mí Iúil 2013. Le dúnadh clárú cumann nua faoi Achtanna na gCara-Chumann, éascófar leithdháileadh maoirseachta stuamachta ar chara-chumainn áirithe don Bhanc Ceannais, agus, ina theannta sin, tugtar aitheantas don bhfíric nach bhfuil samhail an 19ú haois um chara-chumainn ina samhail chuí a thuilleadh d'eagraíochtaí sa 21ú haois. Tá na leasuithe i réimse na gcumann tionscail agus soláthair dírithe ar an ualach rialála ar chomharchumainn a laghdú, agus ar an scrúdaitheoireacht, nach bhfuil fáil uirthi faoi láthair ach amháin i gcás cuideachtaí, a bheith ar fáil do chomharchumainn.

Seoladh an Bille substainteach is mó i stair an Stáit, is é sin Bille na gCuideachtaí 2012, ar a bhealach tríd an Oireachtas in Aibreán 2013. Sa Bhille, nuair a bheidh sé achtaithe, déanfar comhdhlúthú in aon Acht amháin ar na 17 gcinn d'Achtanna na gCuideachtaí atá ann cheana, a tháinig i bhfeidhm idir 1963 agus 2013. Ina theannta sin, tabharfar isteach roinnt athchóirithe sa Bhille atá ceaptha chun reáchtáil cuideachta in Éirinn a fhágáil níos éasca. Táthar ag súil go mbeidh Bille na gCuideachtaí achtaithe faoi dheireadh na bliana 2014.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí a bhí ar bun ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ag an Oifig um Chlárú na gCuideachtaí agus ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann le linn 2013 ar fáil ina dtuarascálacha bliantúla agus ar a gcuid suíomhanna gréasáin, a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil seo.

**Richard Bruton T.D.**
**An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta**

CLÁR ÁBHAIR


Caibidil 1: Forbairtí Reachtacha **3**

Caibidil 2: Oifigí agus Gníomhaireachtaí atá ag oibriú i Réimse an Dlí Cuideachtaí **10**

Caibidil 3: Tuarascáil Stocmhalartán na hÉireann de bhun Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990 **111**

Caibidil 4: Tuarascáil Stocmhalartán na hÉireann de bhun Rialacháin CE (Glacthaí Chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 **144**

Caibidil 5: Euroclear UK & Ireland (EUI) **17**

Aguisín 1: Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí amhail an 31 Nollaig 2013 **244**

Aguisín 2: Sonraí Teagmhála um Dhlí Cuideachtaí **26**

Aguisín 3: Rúnaithe Cuideachtaí Teoranta Poiblí **28**

# Caibidil 1 – Forbairtí Reachtacha

## Reachtaíocht a tugadh i bhfeidhm in 2013

### Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) (Leasú) 2013, I.R. Uimh. 67 de 2013

Leis na Rialacháin sin, tugtar éifeacht bhreise do Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 agus do Chinneadh 2011/30/AE ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2011.
Déantar leasú leis na Rialacháin sin orthu seo a leanas—
(i) Rialachán 113(1) de I.R. 220 de 2010 maidir le hiniúchóir nó aonán iniúchóireachta tríú tíre do chlárú sa Stát, agus
(ii) Rialachán 118(1) de I.R. 220 de 2010 i ndáil leis an táille a ghearrtar le haghaidh clárúchán den sórt sin.
Foráiltear leis na leasuithe sin do chlárú bliantúil agus íoc táille i Rialachán 113(1) agus Rialachán 118(1) faoi seach de I.R. 220 de 2010.
Siníodh na Rialacháin sin ina ndlí ar an 22 Feabhra, 2013.

### Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) (Leasú) (Uimh. 2) 2013, I.R. Uimh. 174 de 2013

Leis na Rialacháin sin, tugtar éifeacht bhreise do Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006. Leis na Rialacháin sin, leasaítear Rialachán 16, Rialachán 25 agus Rialachán 64 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) 2010 d'fhonn a chinntiú go mbeidh duine atá ceadaithe chun gníomhú mar iniúchóir reachtúil faoi réir rialála ag comhlacht cuntasaíochta aitheanta.
Siníodh na Rialacháin sin ina ndlí ar an 14 Bealtaine, 2013.

### Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc agus Rannta Cuideachtaí) (Leasú) 2013, I.R. Uimh. 399 de 2013

Leis na Rialacháin sin, mar aon le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc agus Rannta Cuideachtaí) (Leasú) 2011, I.R. Uimh. 306 de 2011, tugtar éifeacht do Threoir 2009/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009.
Le Treoir 2009/109/CE, leasaítear Treoracha 77/91/CEE, 78/855/CEE agus 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoir 2005/56/CE maidir le ceanglais tuairiscithe agus doiciméadaithe i gcás cumaisc agus rannta.
Leis na Rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair, déantar soiléiriú ar ghnéithe áirithe de I.R. Uimh. 306 de 2011.
Siníodh na Rialacháin sin ina ndlí ar an 17 Deireadh Fómhair, 2013.

### Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013, Uimh. 46 de 2013

Tá na forálacha seo a leanas san Acht sin, ar shínigh an tUachtarán é an 24 Nollaig, 2013 –

- **Scrúdaitheoireacht do chuideachtaí beaga príobháideacha -** foráiltear ann don rogha a thabhairt do chuideachtaí beaga príobháideacha iarratas díreach a dhéanamh

chun na Cúirte Cuarda ar cheapadh scrúdaitheora, seachas é a bheith riachtanach go ndéanfaidís iarratas chun na hArd-Chúirte ar dtús.

- **Ríomhchomhdú ar chuntais leis an CRO -** lena simplítear próiseas ríomhchomhdaithe na dtuairisceán bliantúil ag cuideachtaí. Tá sé ina chuspóir leis na hathruithe an t-ualach riaracháin a bhaineann le cuntais a chomhdú ag cuideachtaí a laghdú.

- **Oifigeach Ceaptha in Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach: foráil le haghaidh teagmhais áirithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn -** i gcás nach bhféadann an t-oifigeach atá ceaptha i mbarántas cuardaigh gníomhú, féadfar oifigeach ceaptha eile a chur ina ionad nó ina hionad ar an mbarántas cuardaigh.

- **Faisnéis a nochtadh d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach -** ceadaítear d'údaráis rialála shonraithe faisnéis a bhaineann le cionta faoi Achtanna na gCuideachtaí a nochtadh don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

- **Tobhach ar iniúchóirí reachtúla/gnólachtaí iniúchóireachta de chuid Aonán Leasa Phoiblí -** íocann as na costais le hÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) maidir leis na feidhmeanna dearbhaithe cáilíochta seachtracha a chur i gcrích i ndáil le hAonán Leasa Phoiblí.

- **Feidhmiú na gcóras imscrúdaithe agus pionós maidir le hiniúchóirí áirithe tríú tíre -** cuireann ar chumas an Aire rialacháin a dhéanamh maidir le feidhmiú córas imscrúdaithe agus pionós i leith iniúchóirí nó aonáin iniúchóireachta áirithe tríú tíre a dhéanann iniúchtaí ar chuideachtaí a corpraíodh i dtríú tíortha agus críocha sonracha a ligtear dóibh a n-urrúis inaistrithe a thrádáil ar mhargadh rialaithe sa Stát

- **Fógra um Fhaoiseamh ó Fhiachas san Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 -** leasaítear roinnt alt den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 maidir le cinneadh na n-iarratas i gcomhair Fógra um Fhaoiseamh ó Fhiachas agus éascaítear próiseáil na n-iarratas sin ag an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS) a sholáthraíonn an tIdirghabhálaí Ceadaithe ábhartha don phróiseas sin.

- **Fógra féimheachta a chur ar fáil san Acht Féimheachta 1988 -** leasaítear roinnt ailt (17, 105, 130, 140b agus 141) den Acht Féimheachta 1988 d'fhonn iarracht a dhéanamh na costais a bhaineann le féimheacht a laghdú. Leasaítear Alt 140A freisin chun go bhféadfar an clár ábhartha dá dtagraítear san alt sin a choinneáil i bhformáid leictreonach agus a bheith oscailte do scrúdú ag an bpobal.

## Tionscadail reachtaíochta atá idir lámha faoi láthair, agus Treoracha atá á dtrasuí san áireamh

**Bille na gCuideachtaí 2012**

Foilsíodh Bille na gCuideachtaí 2012 ar an 21 Nollaig 2012. Céim mhór chun cinn is ea an tionscadal reachtaíochta sin. Is é an Bille substainteach is mó é i stair an Stáit agus tabharfar isteach leis tairbhí móra do chuideachtaí de gach saghas ar fud na tíre.

Sa Bhille, nuair a bheidh sé achtaithe, déanfar comhdhlúthú ar na 17 gcinn d'Achtanna na gCuideachtaí, a tháinig i bhfeidhm idir 1963 agus 2013, agus ina theannta sin tabharfar isteach leis roinnt athchóirithe atá ceaptha chun reáchtáil cuideachta in Éirinn a fhágáil níos éasca.

Tá an Bille leagtha amach i 25 Cuid chun rochtain ar an dlí maidir le gach cineál difriúil cuideachta a éascú. Tá 1,429 alt agus 17 Sceideal ann.

Is é príomhchuspóir an bhille ná an dlí cuideachtaí in Éirinn a athstruchtúrú, a chomhdhlúthú, a dhéanamh níos simplí agus a nua-aoisiú, agus cumas iomaíochta na tíre a fheabhsú mar áit a mheallann infheistíochtaí gnó dá thoradh. Leis an athchóiriú seo táthar chun cothromaíocht a bhaint amach idir reáchtáil gnó laethúil a fhágáil níos simplí; cosaintí riachtanacha a choinneáil dóibh siúd atá ag déileáil le cuideachtaí, amhail creidiúnaithe agus infheisteoirí; agus córas éifeachtach rialachais chorparáidigh a chur ar bun chun géilliúlacht a chinntiú.

Léirítear ceann de na nuálaíochtaí is tábhachtaí i mBille na gCuideachtaí ina struchtúr ginearálta. Den chéad uair riamh i ndlí cuideachtaí na hÉireann, cuirtear an cineál cuideachta is coitianta, is é sin, an chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, i gcroílár na reachtaíochta mar an chuideachta réamhshocraithe. Is de bharr gur cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna iad 90% de na cuideachtaí atá cláraithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí i láthair na huaire atá an bille deartha mar sin.

Tá an simpliú ar an dlí cuideachtaí atá molta sa bhille ar aon dul le hardchaighdeáin a chaomhnú maidir le cosaint an scairshealbhóra agus an chreidiúnaí agus le rialachas corparáideach láidir. Trí rochtain níos fearr a thabhairt ar an dlí cuideachtaí, cur le comhleanúnachas an dlí sin, agus é a thabhairt níos mó ar aon dul leis an bhfíorchleachtas gnó in Éirinn, tá sé beartaithe feabhas a chur ar chumas iomaíochta idirnáisiúnta na hÉireann agus é a fhágáil níos éasca ag gnáthghnóthais agus gnáthchuideachtaí ar fud na tíre cur fúthu agus oibriú.

Rith Dáil Éireann a
n Bille in Aibreán 2014 agus táthar ag súil go dtosófar á chur trí Sheanad Éireann i mBealtaine 2014.

**Bille na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013.**
Foilsíodh Bille na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 sa Seanad in Iúil 2013.

Tá an Bille sin dírithe go príomha ar an ualach rialála ar chomharchumainn a laghdú agus é a fhágáil níos éasca tús a chur le comharchumann agus é a reáchtáil mar fhoirm mhalartach eagraíochta fiontair. Tabharfar aghaidh ann ar fhadhbanna áirithe atá aitheanta in earnáil na gcomharchumann, agus beidh sé ina chabhair maidir lena chinntiú go mbeidh rath ar an tsamhail seo agus go gcomhlíonfar a lánacmhainneacht, ag teacht leis an tiomantas sa Chlár don Rialtas chun meas ar an eagraíocht chomhoibríoch a chur chun cinn mar chineál eagraíochta fiontair. Déileáiltear sa Bhille freisin le saincheisteanna áirithe i ndáil le cara-chumainn.

Tá an Bille leagtha amach i 4 chuid, mar seo a leanas:

**Déileáiltear i gCuid 1** le réamhnithe agus nithe ginearálta, amhail an gearrtheideal, comhlua, forléiriú, tosach feidhme, sainmhínithe agus costais.

**Foráiltear i gCuid 2** le haghaidh leasuithe éagsúla ar an Friendly Societies Act 1896, go príomha scor de chlárú cumann nua faoin Acht agus cosc ar chumann atá ann cheana féin i ndáil le bunú ciste iasachta.

**Foráiltear i gCuid 3** le haghaidh roinnt leasuithe ar an Industrial and Provident Societies Act 1893, lena n-áirítear foráil maidir le deireadh a chur le teorainneacha ar scairshealbha aonair, méadú ar an méid gur féidir le cumann a ardú i gcistí gan cead i scríbhinn ón Chláraitheoir na gCara-Chumann, foráil le haghaidh achomharc i gcoinne cinnidh ón gCláraitheoir a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda seachas na hArd-Chúirte mar is amhlaidh faoi láthair, agus solúbthacht mhéadaithe a cheadú do chumainn maidir lena mbliain airgeadais chun críocha tuairisceáin bhliantúla a chur isteach.

**Foráiltear i gCuid 4** le haghaidh chur i bhfeidhm an dlí atá ann cheana maidir le scrúdaitheoireacht (arna chur chun feidhme ag Achtanna na gCuideachtaí) i gcás cumainn tionscail agus soláthair, nár féidir leo leas a bhaint as an bpróiseas scrúdaitheoireachta faoi láthair.

## Treoir Chuntasaíochta 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascála gaolmhara ó chineálacha gnóthas áirithe.

### Cúlra

Le Treoir 2013/34/AE, déantar aisghairm, ionadú, agus leasú ar an dá Threoir Chuntasaíochta - 78/660/CEE (faoi ráitis airgeadais aonair) agus 83/349/CEE (faoi ráitis airgeadais chomhdhlúite) - maidir le cuideachtaí dliteanais theoranta, agus iad tugtha cothrom le dáta d'fhonn freastal ar shlí níos fearr ar na riachtanais atá ag lucht ullmhaithe agus lucht úsáide ráitis airgeadais faoi láthair agus a bheidh acu amach anseo. Tá an Treoir le trasuí faoin 20 Iúil 2015.

### Príomhchuspóirí

- Laghdú an ualaigh riaracháin agus simpliú mar chabhair, go háirithe, do chuideachtaí beaga;

- Cur le soiléire agus inchomparáideacht ráitis airgeadais, agus é sin a bheith dírithe ar chatagóirí cuideachta a bhfuil na breithnithe sin tábhachtach ina leith;
- Bunriachtanais an úsáideora a chosaint; agus
- Níos mó trédhearcachta i dtaobh íocaíochtaí a dhéanann an tionscal eastóscach agus logálaithe foraoiseacha príomhúla le rialtais.

**Dul chun cinn**
Chun tús a chur leis an bpróiseas maidir leis an Treoir sin a thrasuí, d'eisigh an Roinn comhairliúchán poiblí i mí Feabhra, 2014 i ndáil le roghanna atá ar fáil inti.

**Treoir/Rialachán an AE maidir le hIniúchóireacht**

**Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite -** Dírítear go háirithe sa togra ar iniúchadh ar aonáin nach bhfuil cuntasach go poiblí.

**Togra le haghaidh Treorach ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainriachtanais i dtaobh iniúchta reachtúil ar aonáin leasa phoiblí -** Dírítear sa togra ar shainriachtanais maidir le hiniúchadh reachtúil ar Aonáin Leasa Phoiblí agus tugtar ann faoi na tosca a ghabhann le hiniúchadh ar aonáin shistéamacha (m.sh. forais chreidmheasa agus gnóthais árachais) chomh maith le cuideachtaí liostaithe. Moltar bearta breise agus bearta treisithe ann maidir le hiniúchtaí den sórt sin.

**Príomhchuspóirí**
- neamhspleáchas iniúchóirí a neartú
- éagsúlacht níos mó a thabhairt isteach i margadh na hiniúchóireachta
- Margadh Aonair a chruthú le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta reachtúla lena gcuirtear ar chumas iniúchóirí a ngairm a fheidhmiú go héasca agus gan srianadh ar fud na hEorpa, tráth a mbeidh siad formheasta in aon Bhallstát amháin
- cur chuige treisithe, atá níos comhordaithe, a thabhairt isteach i leith maoirseacht iniúchóirí san AE.

**Dul chun cinn**
Táthar ag súil go nglacfar tograí an AE maidir leis an Iniúchóireacht i Ráithe 2, 2014.

**Foilsíodh Treoir 2012/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (maidir le hIdirnascadh an Chláir Lárnaigh, an Chláir Thráchtála agus Chlár na gCuideachtaí) i mí Iúil 2012.

Sa Treoir tugtar isteach oibleagáid dhlíthiúil ar Bhallstáit sonraí a mhalartú idir cláir laistigh den Aontas. Is é is cuspóir leis sin ná comhéadan a dhéanamh idir gach clár san Aontas trí thairseach lárnach a mbeidh d'acmhainn aici déileáil le cuardaigh agus iarratais a chuireann úsáideoirí aonair isteach maidir le cuideachtaí agus a gcuid brainsí. Beidh ar a cumas an fhaisnéis atá iarrtha a aistriú i bhformáid chaighdeánaithe i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Agus é curtha chun feidhme, cruthóidh Idirnascadh an Chláir Lárnaigh, an Chláir Thráchtála agus Chlár na gCuideachtaí timpeallacht atá níos báúla le gnó ó thaobh dlí agus gnóthaí airgeadais de. Ba chóir go laghdófaí an t-ualach riaracháin dá thoradh agus go gcothófaí cumas iomaíochta gnó san Eoraip trí chéile ag an am céanna.

Is é mí Iúil 2014 an spriocdháta maidir le trasuíomh na Treorach agus tugtar le tuiscint sa phlean don chur i ngníomh go dtiocfaidh an córas i bhfeidhm faoi mhí Iúil 2017.

**Cinneadh 2013/281/AE agus Cinneadh 2013/288/AE ón gCoimisiún**

Dréacht-Rialacháin chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh **2013/281/AE ón gCoimisiún an 11 Meitheamh, 2013** agus do Chinneadh **2013/288/AE ón gCoimisiún an 13 Meitheamh, 2013** le haghaidh síneadh na coibhéise i gcás córais áirithe tríú tíre um maoirseacht phoiblí, dearbhú cáilíochta, imscrúdú agus pionóis i gcomhair iniúchóirí agus aonáin iniúchóireachta, agus idirthréimhse leantach le haghaidh gníomhaíochtaí iniúchóireachta de chuid iniúchóirí agus aonáin iniúchóireachta áirithe tríú tíre san Aontas Eorpach.

**Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Dócmhainneachta an AE.**

Leis an Rialachán seo atá beartaithe, tá sé i gceist leasú a dhéanamh ar Rialachán Dócmhainneachta an AE (Rialachán (AE) Uimh. 1346/2000 ón gComhairle). Tháinig feidhm leis an Rialachán sin sa bhliain 2002 agus leagadh síos creatlach Eorpach leis le haghaidh imeachtaí dócmhainneachta trasteorann gan aird ar cé acu pearsa nó cuideachta é nó í an féichiúnaí.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an togra i mí na Nollag 2012, agus leis na príomhleasuithe atá ann táthar ag iarraidh na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Réimse an rialacháin reatha a leathnú chun imeachtaí croschineálacha agus imeachtaí réamh-dócmhainneachta a chuimsiú d'fhonn an dara seans a thabhairt, nuair is iomchuí, do chuideachtaí atá i ngéarchéim na dócmhainneachta;

- Na rialacha maidir le dlínse a shoiléiriú agus feabhas a chur ar chreatlach na nósanna imeachta lena gcinntear dlínse;

- Na rialacha maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta tánaisteacha a leasú mar seo a leanas:
    - deireadh a chur leis an riachtanas go gcaithfear na himeachtaí a fhoirceannadh le linn imeachtaí tánaisteacha,
    - cead a thabhairt do chúirteanna gan imeachtaí tánaisteacha a thionscnamh mura bhfuil gá leo chun leasa creidiúnaithe áitiúla a chosaint,
    - feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir na príomhimeachtaí agus na himeachtaí tánaisteacha;

- Feabhas a chur ar phoiblíocht imeachtaí agus caighdeánú a dhéanamh ar na foirmeacha a úsáidtear nuair a thaisctear éilimh;

- Comhordú a dhéanamh ar imeachtaí dócmhainneachta a bhaineann le cuideachtaí den ghrúpa céanna cuideachtaí.

Cuireadh tús le caibidlíocht maidir leis na tograí in 2013 agus leanfar ar aghaidh leo in 2014. Tá an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta ag plé leis an togra sa mhéid is a bhfuil tionchar

aige ar dhlí cuideachtaí agus tá sí ag obair as láimh a chéile leis an Roinn Dlí agus Cirt, a bhfuil freagracht uirthi as gnéithe na dócmhainneachta pearsanta agus as gnéithe ginearálta.

**Togra le haghaidh leasaithe ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.**

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007, ceapadh stocmhalartán na hÉireann mar an t-údarás inniúil i ndáil le hurrúis a ghlacadh chuig a Liosta Oifigiúil.

Ar an 14 Aibreán, 2014 thug an tAire isteach Rialacháin lena leasaítear Rialacháin 2007.

Tá gá leis na leasuithe sin ionas go bhféadfaidh Stocmhalartán na hÉireann cpt (Uimhir Chláraithe CRO 539157) teacht in ionad Stocmhalartán na hÉireann Teoranta (Uimhir Chláraithe CRO 233947) mar an t-údarás inniúil do Liosta Oifigiúil an Stocmhalartáin.

## Tionscadail reachtaíochta atá le teacht, agus Treoracha atá á n-idirbheartú faoi láthair san áireamh

**Dréacht-Treoir maidir le nochtadh faisnéise neamh-airgeadais agus éagsúlachta ag cuideachtaí agus grúpaí móra áirithe.**

Ghlac an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh Treorach chun an Treoir Chuntasaíochta a leasú maidir le nochtadh faisnéise neamh-airgeadais agus faisnéise éagsúlachta do chuideachtaí agus do ghrúpaí móra áirithe i mí Aibreáin 2013. Faoin Treoir atá beartaithe, ceanglófar ar chuideachtaí thar mhéid áirithe faisnéis a chur san áireamh ina dtuarascálacha bliantúla bainistíochta ar a gcuid beartas comhshaoil, beartas sóisialta agus beartas a bhaineann le fostaithe, mar aon lena gcuid beartas um chearta an duine agus beartas frith-bhreabaireachta. Maidir leis na cuideachtaí sin a bhfuil oibleagáid orthu cheana féin ráitis rialachais chorparáidigh a thabhairt ar aird, ceanglófar sa Treoir freisin go ndéanfaidh siad faisnéis áirithe ar a gcuid beartas éagsúlachta a chur san áireamh sna ráitis sin. Cuireadh tús le plé ar an togra i mí Iúil agus chuaigh an Chomhairle agus an Pharlaimint i mbun caibidlíochtaí d'fhonn é a ghlacadh i mí Eanáir 2014. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar leasuithe i mí Aibreáin 2014 agus táthar ag súil go nglacfaidh an Chomhairle an Treoir go luath ina dhiaidh sin.

# Caibidil 2 - Oifigí agus Gníomhaireachtaí atá ag oibriú i Réimse an Dlí Cuideachtaí

Sa Chaibidil seo tugtar naisc le suíomhanna gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Phainéal Táthcheangail na hÉireann.

## 1. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)

Beidh Tuarascáil Bhliantúil na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige nuair a bheidh sí foilsithe agus beidh teacht uirthi ag www.cro.ie

## 2. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE)

Beidh Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige nuair a bheidh sí foilsithe de bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 agus beidh teacht uirthi lena híoslódáil an tráth sin ag www.odce.ie

## 3. Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA)

Faoi Alt 22 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003, ceanglaítear ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire. Nuair a bheidh an Tuarascáil foilsithe, beidh teacht uirthi ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.iaasa.ie/publications/index.htm

## 4. Painéal Táthcheangail na hÉireann

D'fhoilsigh Painéal Táthcheangail na hÉireann an séú tuarascáil déag dá chuid de bhun Alt 19 den Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997. Tá an Tuarascáil, ina gclúdaítear an tréimhse 1 Iúil 2012 go dtí 30 Meitheamh 2013, ar fáil lena híoslódáil ó shuíomh gréasáin an Phainéil ag http://irishtakeoverpanel.ie/wp-content/uploads/2013/10/2013-Annual-Report

# Caibidil 3 – Tuarascáil Stocmhalartán na hÉireann de bhun Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990

Faoi Alt 120 d'Acht na gCuideachtaí 1990, ceanglaítear ar Stocmhalartán na hÉireann tuarascáil bhliantúil a dhéanamh don Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta faoi fheidhmiú a chuid feidhmeanna mar údarás inniúil faoi Chuid V den Acht sin, maidir le cion na trádála cos istigh. Déantar aistriúchán ar an tuarascáil sin a sholáthar anseo.

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON AIRE POST, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA DE BHUN CHUID V D'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 1990**

**TUARASCÁIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013**

**Cúlra**

1.1 I gCuid V d'Acht na gCuideachtaí, 1990 (an tAcht), déantar cion de Thrádáil Chos Istigh agus déantar foráil le haghaidh smachtbhannaí coiriúla agus sibhialta i ndáil le sáruithe ar Chuid V.

1.2 De réir Alt 115(1) den Acht, arna leasú ag an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2002, tá dualgas reachtúil ar údarás iomchuí stocmhalartáin aitheanta tuarascáil a chur ar fáil don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach má dhealraíonn sé go ndearnadh cion faoin reachtaíocht.

1.3 Is stocmhalartán aitheanta é Stocmhalartán na hÉireann chun críocha Chuid V den Acht. Faoi Alt 107 den Acht tugtar sainmhíniú ar údarás iomchuí mar údarás arb ionann é agus:-

(a) a bhord stiúrthóirí, a choiste bainistíochta nó foras bainistíochta eile dá chuid; nó

(b) a bhainisteoir, cibé ainm a ghlaoitear air nó uirthi.

1.4 Faoi Alt 120 den Acht, ceanglaítear ar Stocmhalartán na hÉireann, ina cháil mar stocmhalartán aitheanta, tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith sa tuarascáil sin:

(a) líon na ngearán i scríbhinn a fuarthas i ndáil le sáruithe ionchasacha ar Chuid V;

(b) líon na dtuarascálacha a rinneadh chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chuid V;

(c) líon na gcásanna nár tugadh tuairisc don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina leith tar éis do dhaoine údaraithe a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú faoi Chuid V; agus

(d) faisnéis eile den chineál sin a d'fhéadfadh a bheith forordaithe.

1.5 Ar an 6 Iúil 2005, achtaíodh na Rialacháin um Dhrochúsáid Mhargaidh (Treoir 2003/6/CE), 2005 (Na Rialacháin um Dhrochúsáid Mhargaidh). Dá thoradh sin, tá urrúis arna dtrádáil ar mhargadh rialáilte Stocmhalartán na hÉireann, an Príomh-Mhargadh Urrús (MSM), laistigh de raon na Rialachán um Dhrochúsáid Mhargaidh anois, agus tá feidhm ag Cuid V maidir le hurrúis Éireannacha a trádáladh roimh an 6 Iúil 2005, agus maidir le trádálacha in urrúis Éireannacha ar Mhargadh na nUrrús Fiontraíochta (ESM) agus ar an Margadh Malartáin Dhomhanda (GEM) de chuid Stocmhalartán na hÉireann amháin i ndiaidh an dáta sin.

1.6 Ó tugadh isteach Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 ar an 1 Samhain 2007, ceanglaítear ar Stocmhalartán na hÉireann freisin, faoi Alt 67(2) agus Alt 113(b)(ii) de na Rialacháin sin, tuairisc a thabhairt do Bhanc Ceannais na hÉireann faoi iompar a bhféadfadh drochúsáid mhargaidh bheith i gceist leis i ndáil le hurrúis a ligtear chun trádála ar a mhargadh rialáilte (MSM) agus ar a chuid saoráidí trádála iltaobhacha (ESM agus GEM), faoi seach.

## 2. Cineál an Phróisis Imscrúdaithe

Maidir leis an ESM agus an GEM, déanann daoine atá údaraithe faoi Alt 117 den Acht sáruithe ionchasacha a rinneadh ar Chuid V a imscrúdú. I gcomhthéacs Chuid V, déanann daoine údaraithe a gcuid imscrúduithe a phleanáil agus a chur i gcrích agus tugann siad tuairisc ar a dtorthaí i gcomhar le húdarás iomchuí de chuid Stocmhalartán na hÉireann (Ceann an Rialacháin). Gach cás as a n-eascraíonn oibleagáid tuairiscithe faoi Alt 115 den Acht, déantar é a thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a luaithe is féidir tar éis don imscrúdú a bheith curtha i gcrích.

D’fhéadfadh athrú teacht ar chineál beacht an phróisis imscrúdaithe ag brath ar shonraí áirithe gach cáis. Tá struchtúr ag an bpróiseas imscrúdaithe, áfach, d'fhonn an méid seo a leanas a chinntiú:

• go ndéantar athbhreithniú iomlán ar gach fíric a bhaineann leis an imscrúdú;

• go dtugtar aird chuí ar cheart amhrastaigh nó amhrastach ar bith chun nósanna imeachta atá cothrom; agus

• go dtugtar sraith iomlán fianaise ar aird lena chinntiú go dtugtar tuarascáil chuimsitheach don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, más gá sin.

Ina theannta sin, déantar tuairim saineolaí neamhspleách ó speisialtóirí tionscail agus/nó ó chomhairleoirí dlí a lorg má éilítear sin le cúinsí cáis ar leith.

**3. Tuarascáil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013**

3.1 De réir a chuid oibleagáidí faoi Alt 120 den Acht, tugann Stocmhalartán na hÉireann tuarascáil don Aire i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí le linn 2013, mar a leanas:

(a) Fuarthas dhá ghearán scríofa i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar Chuid V den Acht.

(b) Ní dhearna Stocmhalartán na hÉireann aon tuairiscí foirmiúla faoi Chuid V den Acht don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndáil le cion amhrasta.

(c) D'fheidhmigh daoine údaraithe cumhachtaí reachtúla i ndáil le dhá imscrúdú a rinneadh ar sháruithe líomhnaithe ar Chuid V. Ní raibh ceann ar bith de na himscrúduithe sin fós ar bun ag deireadh 2013.

(d) Níl aon fhaisnéis eile forordaithe ag an Aire faoi Alt 120(1) (d).

# Caibidil 4 – Tuarascáil Stocmhalartán na hÉireann de bhun Rialacháin CE (Glacthaí Chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007, déantar Stocmhalartán na hÉireann a cheapadh mar Údarás Inniúil chun críocha na Treorach Comhdhlúite maidir le Glacthaí agus Tuairisciú (Treoir 2001/34/CE) agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta faoi fheidhmiú a chuid feidhmeanna mar Údarás Inniúil. Déantar aistriúchán ar phríomhchuid na tuarascála a sholáthar anseo.

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON AIRE POST, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA DE BHUN RIALACHÁN 10 DE RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (GLACTHAÍ CHUIG LIOSTÚ AGUS FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007

## TUARASCÁIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

**RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (GLACTHAÍ CHUIG LIOSTÚ AGUS FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007**

### 1. Réamhrá

Rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Stocmhargadh) 1984 (I.R. Uimh. 282 de 1984) a aisghairm le linn 2007 agus cuireadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 (I.R. Uimh 286 de 2007) (na Rialacháin) ina n-ionad. Faoi na Rialacháin sin, cuirtear an Treoir Chomhdhlúite maidir le Glacthaí agus Tuairisciú (2001/34/CE) (an Treoir) i ngníomh mar chuid de dhlí na hÉireann. Faoi na Rialacháin, ceaptar Stocmhalartán na hÉireann mar Údarás Inniúil chun críocha na Treorach agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta i dtaobh fheidhmiú a chuid feidhmeanna mar Údarás Inniúil.

Leis seo, cuireann Bord Stocmhalartán na hÉireann Teoranta (an Bord) an naoú tuarascáil bhliantúil is fiche i láthair ar fheidhmiú a chuid feidhmeanna mar Údarás Inniúil sa Stát le linn 2013 de réir Rialachán 10, Míreanna (a) go dtí (e) de na Rialacháin. Ar mhaithe le sláine na tuarascála seo, cuireadh faisnéis i dtaobh Mhargadh na nUrrús Fiontraíochta (ESM), atá lasmuigh de raon na Rialachán, san áireamh anseo.

### 2. Na Rialacháin

**Ginearálta**
Le linn 2013, lean an Bord de bheith ag comhlíonadh feidhmeanna de chuid Údaráis Inniúil mar a leagtar amach sna Rialacháin iad. Sa tréimhse sin, tarmligeadh na príomhfheidhmeanna Údaráis Inniúil de chuid an Bhoird chuig an gCoiste um Liostú Cothromais agus ESM, an Coiste um Liostú Fiachais, an Coiste um Liostú Cistí Infheistíochta agus chuig Feidhmeannas Stocmhalartán na hÉireann, agus is iadsan a chuir i gcrích iad. Le linn 2013, chuir Stocmhalartán na hÉireann i bhfeidhm na coinníollacha maidir le glacadh chuig an Liostú Oifigiúil de réir na Treorach.

**3. Ceanglaítear sna Rialacháin go dtabharfar aghaidh ar na riachtanais shonracha seo a leanas:**

**(a) Leasuithe ar Rialacha Liostaithe nó Athbhreithnithe ar na Nósanna Imeachta**

Cuireadh caibidil nua leis na Rialacha Liostaithe de chuid Stocmhalartán na hÉireann chun foráil a dhéanamh le haghaidh Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh a liostú (Caibidil 16). Ina theannta sin, rinneadh mionleasuithe ar na rialacha liostaithe do Ghnóthais Chomhinfheistíochta den Chineál Neamh-Cheannoscailte atá san áireamh i gCaibidil 14 de na Rialacha Liostaithe. Rinneadh nuashonrú freisin ar na rialacha liostaithe maidir le Cistí Infheistíochta Ceannoscailte. Tá cóipeanna de na leagain leasaithe de na leabhair rialacha sin faoi iamh.

**(b) Cineál na n-urrús ar fad arna nglacadh chuig an Liostú Oifigiúil agus chuig Margadh na nUrrús Fiontraíochta (ESM)**

Glacadh líon cineálacha urrús chuig an Liostú Oifigiúil agus chuig an ESM le linn 2013, mar seo a leanas:

(i) Stáit agus a n-údaráis áitiúla nó réigiúnacha.

Glacadh isteach 14 chinn de bhannaí nua Rialtas na hÉireann chomh maith le hocht gcinn de Bhillí nua ó Státchiste na hÉireann chuig an Liostú Oifigiúil le linn 2013.

(ii) Cuideachtaí agus eisitheoirí seachas Stáit agus a n-údaráis áitiúla nó réigiúnacha.

Áiríodh leis na hurrúis a glacadh isteach gnátheisiúintí caipitil ó chuideachtaí cláraithe Éireannacha agus eachtrannacha, lena n-áirítear gnáthscaireanna, ús seasta, stoc iasachta, stoc tosaíochta, bintiúir, cineálacha éagsúla urrús fiachais, cistí GCUI (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) agus cistí infheistíochta.

Liostaítear gach urrús a glacadh chuig an Liostú Oifigiúil agus an ESM in Aguisín I den tuarascáil seo.

**(c) Diúltú iarratas ar bith a rinneadh ar ghlacadh chuig Liostú Oifigiúil agus ESM**

Níor diúltaíodh iarratas ar bith a rinneadh ar ghlacadh chuig an Liostú Oifigiúil nó an ESM in 2013.

**(d) Cur ar fionraí nó scor aon Liostaithe Oifigiúil agus ESM**

Tá na hurrúis a ndearnadh a liostú a chur ar fionraí nó a chur ar ceal sa tréimhse leagtha amach in Aguisín II den tuarascáil seo.

**(e) Socruithe speisialta ar bith a rinneadh le Ballstáit eile de bhun Alt 13 den Treoir**

Le linn na tréimhse faoi chaibidil ba ghá comhoibriú leis an Údarás Inniúil sa Ríocht Aontaithe agus a bheith i dteagmháil leis maidir le hurrúis Éireannacha atá liostaithe i Liostú Oifigiúil an Údaráis Iompraíochta Airgeadais (FCA). Chothaigh Stocmhalartán na hÉireann

caidreamh den sórt céanna leis an Údarás Iompraíochta Airgeadais agus a bhí aige le roinnt blianta anuas.

Níor tháinig aon tosca eile chun cinn a raibh gá le socruithe speisialta a dhéanamh nó le comhoibriú leis na hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile ina dtaobh.

# Caibidil 5 - Euroclear UK & Ireland (EUI)

Tugtar anseo thíos aistriúchán ar thuarascáil bhliantúil Euroclear UK & Ireland maidir le gníomhaíochtaí mhargadh na hÉireann ina chóras le linn an dá mhí dhéag dar chríoch an 31 Nollaig 2013. Ní mór do Euroclear UK agus Ireland an Tuarascáil a chur ar fáil mar choinníoll go n-aithnítear é mar chóras chun urrúis Éireannacha a shocrú.

## RÉAMHRÁ

### I. GINEARÁLTA

D'fhonn éascú a dhéanamh ar úsáid an chórais CREST chun urrúis Éireannacha a shocrú, rinne an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar agus Fostaíochta na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 1990 (Urrúis Neamhdheimhnithe) 1996. Mar choinníoll forlíontach i gcomhair aitheantais, d'éiligh an tAire go ndéanfar tuarascáil bhliantúil a chur i láthair maidir le gníomhaíochtaí an mhargaidh Éireannaigh sa chóras EUI. Is ionann an páipéar seo agus aistriúchán ar thuarascáil bhliantúil Euroclear UK & Ireland don dá mhí dhéag dar chríoch an 31 Nollaig 2013.

### 1.2 **ACHOIMRE AR 2013**

Le linn 2013, thacaigh an córas CREST leo seo a leanas:

- Socraíocht 228,000 idirbheart ar an meán in aghaidh an lae (le buaicmhéid 277,717 idirbheart ar an 20 Márta), méadú 5% le hais mheán na bliana 2012;
- Socraíocht 58.4 milliún idirbheart san iomlán dar luach iomlán £275 trilliún;
- Meánghluaiseachtaí airgid £815 milliún in aghaidh an lae; agus
- Meánghluaiseachtaí stoic £1.1 trilliún in aghaidh an lae.

### 1.3 **AN CÓRAS EUI**

Tionscnaíodh an córas CREST i 1996. Tugtar achoimre ar na seirbhísí socraíochta is tábhachtaí atá á dtairiscint ag EUI anseo thíos:

- Socraíocht leictreonach fíor-ama maidir le réimse cistí infheistíochta, urrús cothromais agus fiachais, lena n-áirítear sárurrúis na Ríochta Aontaithe agus Ionstraimí Mhargadh an Airgid (MMIanna);
- Seachadadh in aghaidh Íocaíochta (DvP) de Shamhail 1 in Airgead an Bhainc Cheannais (CBM) i ndáil le híocaíochtaí steirling agus euro agus clárú urrús ag an bpointe socraíochta;
- Cuireann EUI tacaíocht ar fáil do roinnt Contrapháirtithe Lárnacha (CCPanna) i ndáil

leis na seirbhísí contrapháirtí lárnaigh a thairgeann siad d'ardáin trádála éagsúla. Tairgeann EUI dhá chineál seirbhíse a bhaineann le himréiteach: an Socrú do Thacaíocht Imréitigh CREST, seirbhís atá níos teoranta (lena n-áirítear an tseirbhís dír-ionchuir) agus Seirbhís Contrapháirtí Lárnaigh CREST (lena n-áirítear dír-ionchur, an tseirbhís glanta agus cothabháil bunachair shonraí ina bhfuil sonraí éagsúla ar nós sonraí suímh oscailte agus sonraí éarlaise arna n-áireamh ag na Contrapháirtithe Lárnacha).

- Sealúchais gnáthscaireanna agus sárurrús, MMIanna agus ionstraimí eile, atá dí-ábharaithe ina n-iomláine;

- Tacaíocht do dhí-ábharú agus ais-ábharú urrús trí Sheirbhís Cúiréara agus Sórtála CREST (CCSS);

- Socrú idirbheart déthaobhach um iasachtaí, iasachtú, bainistiú comhthaobhach agus athcheannach stoic;

- Soláthar sonraí faoi ghníomhartha corparáideacha, díbhinní leictreonacha, giniúint agus próiseáil uathoibríoch éilimh agus claochlaithe margaidh, chomh maith le socrú na ngluaiseachtaí a bhaineann le réimse iomlán gníomhartha corparáideacha idir ghníomhartha éigeantacha, roghnacha agus deonacha;

- Próiseáil réidh gan idirghabháil maidir le tuairisciú idirbhearta na Ríochta Aontaithe chuig an Údarás Seirbhísí Airgeadais (FSA), LSE, Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Breataine (HMRC) agus Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann;

- Bailiú Cáin Cúlchiste Dleacht Stampála thar ceann Choimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Breataine, agus Dleacht Stampála thar ceann Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann;

- Naisc le Lárthaisclanna Urrús eile chun urrúis idirnáisiúnta a shocrú;

- Socrú il-airgeadra i steirling, dollair na Stáit Aontaithe. agus euro le Seachadadh in aghaidh Íocaíochta (DVP) de Shamhail 1 maidir le steirling agus euro agus íocaíochtaí atá árachaithe go déthaobhach maidir le dollar na Stáit Aontaithe;

- Saoráidí fiosrúcháin fíor-ama; agus
- Soláthar sonraí idirbhearta chuig tithe imréitigh agus rannpháirtithe Contrapháirtithe Lárnacha lena n-áirítear suíomhanna oscailte, éarlaisí, praghsanna stairiúla agus urrúis incháilithe.

In 2010 rinne an EUI cumasc le EMXCo Ltd agus tá ródú teachtaireachta cistí á thairiscint acu anois. Oibríonn seirbhís cistí an EUI ar Chóras Teachtaireachta EMX, córas nach bhfuil á oibriú faoi na Rialacháin um Urrúis Neamhdheimhnithe
Rialacháin.

1.4 **EUROCLEAR UK & IRELAND LIMITED: ÚINÉIREACHT AGUS RIALACHAS**
I mí na Samhna 2002, tháinig CRESTCo Limited chun bheith ina fhochuideachta atá ar lánúinéireacht ag Euroclear Bank SA/ NV tar éis an idirbhirt lenar bhain CRESTCo Limited agus Euroclear Plc i mí Mheán Fómhair 2002. Ó mhí Eanáir 2005 i leith, rinneadh athstruchtúrú ar an ngrúpa Euroclear agus tá CRESTCo Limited ina fhochuideachta atá ar lánúinéireacht ag Euroclear SA/ NV. Ar an 1 Iúil 2007, athraíodh ainm dleathach agus oibriúcháin CRESTCo Limited go dtí Euroclear UK & Ireland Limited. Feidhmíonn Euroclear UK & Ireland Limited an córas EUI. I gcomhthéacs na tuarascála seo don bhliain 2013, cuimsíonn grúpa cuideachtaí Euroclear (grúpa Euroclear) Euroclear SA/NV agus a fhochuideachtaí oibriúcháin – Euroclear Bank, Euroclear UK & Ireland, Euroclear France, Euroclear Nederland, Euroclear Belgium, Euroclear Finland, Euroclear Sweden.

Is le Euroclear SA/NV na hardáin phróiseála urrús chomhroinnte de chuid an ghrúpa agus soláthraíonn sé réimse seirbhísí do Lárthaisclanna Urrús (Idirnáisiúnta) an ghrúpa. Is comhchuideachtaí iad Euroclear Bank, Euroclear UK & Ireland, Euroclear France, Euroclear Nederland, Euroclear Belgium, Euroclear Finland agus Euroclear Sweden, atá go léir faoi úinéireacht Euroclear SA/ NV, atá ar úinéireacht ag Euroclear Plc faoi dheoidh.

Tá Bord Stiúrthóirí EUI comhdhéanta d'ionadaithe de chuid EUI agus Euroclear SA/NV, chomh maith le beirt stiúrthóirí neamhspleácha. Ba iad seo a leanas na stiúrthóirí amhail an 31 Nollaig 2013:

| | |
|---|---|
| Frederic Hannequart (Cathaoirleach) | Euroclear SA/NV |
| John Trundle | EUI |
| Peter Sucaet | Euroclear SA/NV |
| Tom Challenor | Neamhspleách |
| Sue Concannon | Neamhspleách |

1.5 **FO-CHOISTÍ DE CHUID BHORD EUROCLEAR UK & IRELAND**
Tá roinnt fochoistí ag Bord EUI, agus áirítear ar bhallraíocht an bhoird daoine a comhthoghadh lasmuigh den Bhord féin. Glacann na hionadaithe seo a leanas ón margadh Éireannach páirt san Fhochoiste Araíonachta Socraíochta:

- Brian Healy, Stocmhalartán na hÉireann, 28 Sráid Anglesea, Baile Átha Cliath 2
- Graham O'Brien, Investec Capital & Investments (Ireland) Limited, Foirgneamh Fhearchair, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

1.6 **OIBLEAGÁIDÍ EUROCLEAR UK & IRELAND**
Leagtar amach oibleagáidí EUI sna comhaontuithe arna ndéanamh aige lena chuid Úsáideoirí agus Rannpháirtithe. Go príomha (mar achoimre ghearr), tá oibleagáid air na seirbhísí socraíochta a ndéantar cur síos orthu i Lámhleabhar CREST a sholáthar. Leagtar amach i Lámhleabhar CREST an fheidhmiúlacht atá sa chóras EUI, agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an EUI (www.euroclear.co.uk).

## 2. **RANNPHÁIRTÍOCHT NA hÉIREANN SA CHÓRAS EUI**

### 2.1 **STOCMHALARTÁN NA hÉIREANN**

Tá comhaontú ag EUI le Stocmhalartán na hÉireann, faoinar cheap an Malartán EUI chun seirbhísí socraíochta a sholáthar, mar aon le Meabhrán Tuisceana, faoinar chomhaontaigh an dá pháirtí go gcomhroinnfidh siad faisnéis lena chéile, ar faisnéis leasa choitinn nó tábhachta coitinne í.

### 2.2 URRÚIS ÉIREANNACHA

Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí 529 urrús Éireannacha ar fáil lena socrú sa chóras EUI.

### 2.3 RANNPHÁIRTITHE ÉIREANNACHA

Bhí na comhlachtaí Éireannacha seo a leanas ina Rannpháirtithe sa chóras CREST amhail an 31 Nollaig 2013:

#### 2.3.1 Is Bróicéirí atá lonnaithe in Éirinn iad seo a leanas ar Rannpháirtithe sa chóras CREST iad:

- Campbell O'Connor & Company
- Davy Stockbrokers
- Merrion Capital Group
- Investec Capital & Investments (ÉIRE) Limited
- Scoir Goodbody Stockbrokers de bheith ina rannpháirtí sa Chóras EUI le linn 2013 agus úsáideann siad Pershing Limited mar a n-urraitheoir anois

#### 2.3.2 Caomhnóirí bunaithe in Éirinn atá ina mBaill den Chóras CREST:

Ní ann faoi láthair do chaomhnóirí atá bunaithe in Éirinn atá ina mBaill den chóras EUI.

Tabhair faoi deara: Tá ionadaíocht ag Citibank, Northern Trust agus Merrill Lynch in Éirinn cé nach cuideachtaí Éireannacha iad,

#### 2.3.3 Cláraitheoirí bunaithe in Éirinn ar Cláraitheoirí de chuid Chóras CREST iad

- Computershare (Éire)
- Kerry Group plc
- Capita Corporate

#### 2.3.4 Bainc Socraíochta Euro

Níl aon bhanc Éireannach a thacaíonn le socraíochtaí sa chóras CREST faoi láthair.

### 2.4 GRÚPA IDIRCHAIDRIMH CHÓRAS CREST

Déanann Euroclear cathaoirleacht ar shraith grúpaí idirchaidrimh agus ar mheithleacha oibre ionas gur féidir leo dul i gcomhairle i dtaobh nithe áirithe is ábhar suime do thoghlaigh éagsúla sa tionscal urrús agus na nithe sin a phlé.

Tráth an chumaisc le CRESTCo Limited, chomhaontaigh Euroclear go mbunódh sé Coistí Comhairleacha Margaidh i ngach tír ina mbíonn sé ag gníomhú mar lárthaisclann urrús nó mar chóras socraíochta urrús. Is é aidhm na gCoistí ná gníomhú mar bhunfhoinse chomhairliúcháin idir an grúpa Euroclear agus na pobail úsáideoirí i dtaobh cúrsaí suntasacha a bhaineann lena gcuid margaí intíre faoi seach. Déantar an próiseas comhairliúcháin sin a stiúradh trí lucht bainistíochta Euroclear. Is é an margadh a roghnaíonn baill na gCoistí Comhairleacha Margaidh agus is é Bord Euroclear SA/NV a fhaomhann iad.

Ghlac baill Éireannacha de chuid Chóras EUI páirt sna grúpaí idirchaidrimh agus sna meithleacha oibre seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2013:

An Coiste Comhairleacha um Margadh na hÉireann

Brian Healy - Cathaoirleach (Stocmhalartán na hÉireann)
Eamonn Doyle (Davy Stockbrokers)
Graham O'Brien (NCB Stockbrokers)
Graham Shuttlewood (Royal Bank of Scotland)
Albert Farrell (Bastow Charlton)
Mary Farrell (Banc Ceannais na hÉireann)
Paul Shiels (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta)
Donald Halligan (Computershare)
Joe Molony (Computershare)
Peter Sinnott (Banc Ceannais na hÉireann)
John Trundle (Euroclear) - Teagmhálaí Euroclear

(Níor shuí Grúpa Idirchaidrimh na mBróicéirí Miondíola in 2013)

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi na grúpaí sin, déan teagmháil le do thoil le:

Philippe Laurensy
Stiúrthóir Réigiúnach um Bainistíocht Ghaoil & Sheirbhísí Cliant
Euroclear SA/NV
c/o 33 Cannon Street
London EC4M 5SB
Teil (An Bhruiséil): +32
(0) 2 326 1452 Teil
(Londain): +44 (0) 20
7849 0698
Ríomhphost: philippe.laurensy@euroclear.com

## 3. RIALACHA CREST

### 3.1 CAIGHDEÁIN SEIRBHÍSE CLÁRAITHEOIRÍ

Tá sonraí ar fáil i riail 5 den rannán faoi Rialacha CREST sa Lámhleabhar CREST, a bhfuil fáil air ón rannóg Faisnéise ar shuíomh gréasáin EUI (www.euroclear.co.uk).

Tá na Caighdeáin i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Mheán Fómhair 1997 i leith. Le linn 2013,

thabhaigh cláraitheoirí Éireannacha pionós comhiomlán faoi bhun £100, agus dá bhrí sin níor cuireadh aon phionós orthu.

### 3.2 **RIALACHA ARAÍONACHTA SOCRAÍOCHTA**

Ar iarradh an mhargaidh, oibríonn EUI an córas araíonachta socraíochta. Oibríonn an Coiste Araíonachta Socraíochta faoi théarmaí áirithe tagartha, agus déanann sé monatóireacht ar chóras lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht socraíochtaí urrús na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann sa chóras EUI. Cuimsíonn an Coiste Araíonachta Socraíochta cleachtóirí margaidh, agus iadsan amháin, agus cuireann sé fíneálacha i bhfeidhm arna socrú ag an margadh.

Tá sonraí ar fáil i riail 6 den rannán faoi Rialacha CREST sa Lámhleabhar CREST, a bhfuil fáil air ón rannóg Faisnéise ar shuíomh gréasáin EUI (www.euroclear.co.uk).

Níl aon ionadaíocht ag Éirinn ar an Eagraíocht Achomhairc faoi láthair.

### 3.3 **RIALACHA DROCHSHEACHADTA**

Faoi mhír 19(a)(ii) den Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Urrúis Neamhdheimhnithe) 1996, ceanglaítear ar an gCóras EUI rialacha a bheith i bhfeidhm i gcomhair cásanna nuair nach féidir le cláraitheoir aistriú a chlárú mar fhreagra ar threoir chlárúcháin ón gcóras EUI, i gceann de na himthosca (an-teoranta) atá sonraithe i Rialachán 16 (a bhaineann le horduithe cúirte srl).

Tá sonraí ar fáil i riail 12 den rannán faoi Rialacha CREST sa Lámhleabhar CREST, a bhfuil fáil air ón rannóg Faisnéise ar shuíomh gréasáin EUI (www.euroclear.co.uk).

Níor cuireadh na nósanna imeachta um fhreaschur drochsheachadta i bhfeidhm i leith urrús Éireannach le linn 2013.

### 3.4 **ATHRUITHE AR RIALACHA CREST**

Rinneadh an nuashonrú ba dheireanaí ar rialacha CREST i Nollaig na bliana 2013.

## 4. **BEARTA CORPARÁIDEACHA**

Próiseáladh na bearta corparáideacha tábhachtacha seo a leanas lenar bhain urrúis Éireannacha le linn 2013: • Elan Corporation - Caipitliú Nollaig 2013

## **5. GNÓTHAÍ EORPACHA**

### **5.1 AN TREOIR UM CHRÍOCHNAITHEACHT SOCRAÍOCHTA**

Tá Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa (an Treoir um Chríochnaitheacht Socraíochta) curtha chun feidhme i ndlí na hÉireann i Rialacháin na gComhphobal

Eorpach (Críochnaitheacht Socraíochta), 2008 (I.R. Uimh. 88 de 2008,) ("na Rialacháin um Chríochnaitheacht Socraíochta"). Is córas ceaptha é an córas CREST de bhun na Rialachán um Chríochnaitheacht Socraíochta. Dá bhrí sin, baineann aistrithe urrús Éireannach trí chóras CREST leas as an gcosaint a fhaightear ó na Rialacháin um Chríochnaitheacht Socraíochta.

Tá sonraí ar fáil i riail 13 den rannán faoi Rialacha CREST sa Lámhleabhar CREST, a bhfuil fáil air ón rannóg Faisnéise ar shuíomh gréasáin EUI (**www.euroclear.co.uk**).

## 6. TÁILLÍ AGUS TARAIFÍ EUROCLEAR UK & IRELAND

Tá sonraí taraife ar fáil sa rannán Faisnéise ar shuíomh gréasáin EUI (www.euroclear.co.uk). Seol ceisteanna faoin tuarascáil seo chuig:

Paul Miles
Ceann Oifige an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
Euroclear UK & Ireland Limited

33 Cannon Street
London EC4M 5SB
Teil: +44 (0) 20 7849
0024 Facs: +44 (0) 20
7849 0134
Rphost:paul.miles@euroclear.co.uk

# Aguisín 1 - Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí amhail an 31 Nollaig 2013

Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí

| Cuideachta | Caipiteal € | Infheistithe i |
|---|---|---|
| Local Ireland Ltd | 2,888.42 | SSgA Cash Fund |
| United Reinsurance Company | 183,009.25 | SSgA Cash Fund |
| James McMenamin Ltd | 3,823.00 | SSgA Cash Fund |
| Clara Candy Ltd | 694.57 | SSgA Cash Fund |
| Indequip Ltd | 585.11 | SSgA Cash Fund |
| International Motor Factors (Ireland) | 607.13 | SSgA Cash Fund |
| PMPA Garage (Roscrea) Ltd | 231.14 | SSgA Cash Fund |
| PMPA Garage (Portlaoise) Ltd | 777.99 | SSgA Cash Fund |
| North Garage (PMPA) Ltd | 503.71 | SSgA Cash Fund |
| Merrill Lynch Defined Returns PLC | 108,620.09 | SSgA Cash Fund |
| Dublin Cargo Handling Ltd | 8,427.84 | SSgA Cash Fund |
| Close FTSE 100 Income & Growth | 15,415.25 | SSgA Cash Fund |
| Transaer International Airlines Ltd | 7,254.14 | SSgA Cash Fund |
| Mark Synnott (Life & Pensiona) Brokers | 3,108.59 | SSgA Cash Fund |
| GLG Investments 2 PLC | 7,916.78 | SSgA Cash Fund |
| The Equitable Insurance Co | 51,493.41 | SSgA Cash Fund |
| Crannac Co-Operative Society Ltd | 95,947.20 | SSgA Cash Fund |
| PCS Adjusters Ltd | 761.18 | SSgA Cash Fund |
| Frank McGivern Ltd | 616.37 | SSgA Cash Fund |
| Keno Fun Foods Ltd | 300.83 | SSgA Cash Fund |
| Swiss Life Funds (IRL) PLC | 14,100.48 | SSgA Cash Fund |
| Hospitals Trust (1940) Ltd | 801.98 | SSgA Cash Fund |
| White Strand Motor Inn Ltd | 1,057.24 | SSgA Cash Fund |
| Interclaim Recovery Ltd | 1,283.00 | SSgA Cash Fund |
| Malachy Quinn (Machinery) Ltd | 462.67 | SSgA Cash Fund |
| Iona Software Ltd | 2,931.83 | SSgA Cash Fund |
| Mullingar Livestock Agency Ltd | 28,033.44 | SSgA Cash Fund |
| Kerrigan Insurances Ltd | 516.38 | SSgA Cash Fund |
| Key Tech Enclosures Ltd | 975.41 | SSgA Cash Fund |
| Irish Savings Building Society | 56,806.54 | SSgA Cash Fund |
| Merrill Lynch Performance Fund | 28,300.39 | SSgA Cash Fund |
| Killeavy Properties Ltd | 411.83 | SSgA Cash Fund |
| Mth Midas Trading Hse (Ire) Plc | 94,791.98 | SSgA Cash Fund |
| Aherlow Hotel Ltd | 1,106.73 | SSgA Cash Fund |
| Dan McInenney & Sons | 3,503.80 | SSgA Cash Fund |
| J Stafford (Mackeys Seeds Ltd) | 89,999.15 | SSgA Cash Fund |
| FFC Financial Future Corporation PLC | 146,222.15 | SSgA Cash Fund |
| Saturn Fulfilment Services Ltd | 822.02 | SSgA Cash Fund |
| Liam Dowdall | 14,900.07 | SSgA Cash Fund |
| A Neary | 8,400.56 | SSgA Cash Fund |

| Cuideachta | Caipiteal € | Infheistithe i |
|---|---|---|
| O/L CH Ireland INC | 594.42 | SSgA Cash Fund |
| Merchant Banking Ltd | 35,938.25 | SSgA Cash Fund |
| Palmer Products Ltd | 28,792.00 | SSgA Cash Fund |
| Axxon Waste Disposal Ltd | 7,379.49 | SSgA Cash Fund |
| Ballycastle (Mayo) Enterprises | 12,517.54 | SSgA Cash Fund |
| Pioneer America Fund Plc | 4,071.17 | SSgA Cash Fund |
| Biscayneamericas Funds Plc | 5,407.89 | SSgA Cash Fund |
| Waterford Multiport Ltd | 540.03 | SSgA Cash Fund |
| SMTC Manufacturing Corp of Irl | 5,071.40 | SSgA Cash Fund |
| W.P. Stewart Funds Plc | 1,513.81 | SSgA Cash Fund |
| The Achievers Group Ltd | 2,311.42 | SSgA Cash Fund |
| Duiske Ltd | 350.40 | SSgA Cash Fund |
| Brewing & Dublin Vintners Investment Co Ltd | 25,161.84 | SSgA Cash Fund |
| Monaghan Poultry Products Ltd | 1,738.47 | SSgA Cash Fund |
| H Williams & Company Ltd | 398.44 | SSgA Cash Fund |
| M&G Leveraged European Loan Fund Limited | 37,712.59 | SSgA Cash Fund |
| Emo International Garden Festival Limited | 299.14 | SSgA Cash Fund |
| Lernout & Hauspie(Ireland) Limited | 69810.16 | SSgA Cash Fund |
| Irish Trust Bank Limited (In Liquidation) | 4,947.76 | SSgA Cash Fund |
| R.S Finishing Systems Limited (In Liquidation) | 765.59 | SSgA Cash Fund |
| Irish Commercial Society Group Limited | 31416.23 | SSgA Cash Fund |
| EU-Jetops Limited (In Liquidation) | 54,558.52 | SSgA Cash Fund |
| DON BLUTH ENTERTAINMENT LIMITED(IN VOL LIQ) | 81,034.00 | SSgA Cash Fund |
| TELESCREEN LIMITED (IN LIQUIDATION) | 377.17 | SSgA Cash Fund |
| DERMOT MCDERMOTT AND COMPANY LIMITED | 13,338.48 | SSgA Cash Fund |
| EDGEWORTHSTOWN LIVESTOCK MART | 38,506.36 | SSgA Cash Fund |
| QUALCERAM SHIRES PUBLIC LIMITED COMPANY(IN LIQ) | 9,838.12 | SSgA Cash Fund |
| FOREXCONCEPT FUND PLC | 37,659.98 | SSgA Cash Fund |
| BUNCLODY FARMERS CO-OPERATIVE | 3,680.33 | SSgA Cash Fund |
| CONNESS BUILDING SERVICES LIMITED (IN LIQ) | 6,259.89 | SSgA Cash Fund |
| DEBMAR CO LIMITED (IN VOLUNTARY LIQUIDATION) | 874.32 | SSgA Cash Fund |

# Aguisín 2 - Sonraí Teagmhála um Dhlí Cuideachtaí

## Naisc le suíomhanna gréasáin

Rannóga Dlí Cuideachtaí sa Roinn www.djei.ie

Is í Breda Power, Uasal, Rúnaí Cúnta, ceann na Rannóige.

Tá na rannóga seo a leanas den réimse Dlí Cuideachtaí sa

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Ionad Phort an Iarla
Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

### (i) Beartas Dlí Cuideachtaí

Is é is feidhm don rannóg ná comhairle a chur ar an Aire agus cabhrú leis i ndáil lena chuid freagrachtaí reachtúla, beartais agus bainistíochta a chomhlíonadh faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013. Baineann an obair sin leis an gcreat reatha reachtach agus rialála den chuid is mó.

Nasc leis an suíomh gréasáin anseo: Beartas Dlí Cuideachtaí

### (ii) Beartas Dlí Cuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht)

Is é an ról atá ag an rannóg reachtaíocht i ndáil le dlí cuideachtaí (iniúchadh agus cuntasaíocht) a ullmhú agus a dhréachtú; caibidlíocht a dhéanamh ar thograí an AE sa réimse sin den dlí cuideachtaí agus tograí an AE a thrasuí sa dlí inmheánach.

Nasc leis an suíomh gréasáin anseo: Dlí Cuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht)

### (iii) Athbhreithniú ar an Dlí Cuideachtaí

Bíonn an Rannóg seo ag fónamh mar rúnaíocht don Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí agus is iad seo a leanas na príomhchúraimí atá uirthi:

- clár oibre an Ghrúpa a luathú agus an tuarascáil shubstaintiúil a dhéanamh, gach dara bliain, de thoradh ar an gclár oibre, agus
- moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe a chur chun cinn chuig an gcéim reachtaíochta, faoi réir cheadú an Aire/an Rialtais.

Nasc leis an suíomh gréasáin anseo: An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (Rúnaíocht)

### (iv) An tAonad Reachtaíochta Comharchumainn

Is é príomhról an aonaid comhairle agus cabhair a thabhairt don Aire i ndáil lena chuid freagrachtaí reachtúla, beartas agus bainistíochta a chomhlíonadh, faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, faoi Achtanna na gCara-Chumann agus faoi na hAchtanna Ceardchumann, lena n-áirítear an fhreagracht atá air monatóireacht a dhéanamh ar Chláraitheoir na gCara-Chumann agus tacaíocht a thabhairt dó. Baineann an obair sin leis an gcreat reatha reachtach agus rialála agus le tograí i ndáil le hathruithe ar an gcóras reatha.

Nasc leis an suíomh gréasáin anseo: Dlí Comharchumainn

### (vi) Bille na gCuideachtaí 2012

Is ionann príomhfheidhm na rannóige seo agus próiseas achtaithe Bhille na gCuideachtaí 2012 a bhainistiú.

Nasc leis an suíomh gréasáin anseo: Bille na gCuideachtaí 2012

# Aguisín 3 – Rúnaithe Cuideachtaí Teoranta Poiblí

**Tuarascáil na hInstitiúide Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte don Tuarascáil Chuideachtaí don Roinn Fiontar, Post agus Nuálaíochta**

De réir Alt 236 d’Acht na gCuideachtaí 1990, tá sé de dhualgas ar stiúrthóirí cuideachta poiblí teoranta gach céim réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas cuí agus an taithí chuí ag rúnaí cuideachta chun feidhmeanna rúnaí cuideachta a chomhlíonadh de réir mar atá sonraithe san Acht. Cé nach bhfuil sé éigeantach go mbeadh rúnaí cuideachta de chuid cuideachta poiblí teoranta ina bhall de 'comhlacht aitheanta', foráiltear faoin alt sin gur féidir leis an Aire aitheantas a thabhairt do 'comhlachtaí ábhartha' chun críche an ailt. Tá 'aitheantas' den sórt sin tugtha ag an Aire don Institiúid Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte.

De réir na bhfigiúirí atá ar fáil dúinn faoi láthair ón Institiúid Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte i Londain, is ionann an bhallraíocht iomlán ar fud an domhain agus 37,040.

Ba iad seo a leanas na figiúirí um bhallraíocht ar fud an Domhain agus bhallraíocht na hÉireann amhail an 31 Iúil 2013:

| | **Ar Fud an Domhain** | **Éire** |
|---|---|---|
| **Comhlaigh agus Comhaltaí** | 32,618 | 489 |
| **Céimithe** | 3,813 | 77 |

Tabhair faoi deara: Níl ar chumas na hInstitiúide a thuilleadh idirdhealú a dhéanamh idir Comhlaigh agus Comhaltaí ar fud an domhain de bharr athruithe ar an gcaoi ina dtiomsaíonn sí na sonraí seo. Is é is brí le Céimí ná iarrthóir ar an nGairm a bhfuil na riachtanais oideachais comhlíonta aige nó aici ach nach bhfuil na critéir eile atá riachtanach um meas i gcomhair ballraíochta comhlíonta aige nó aici go fóill. Tá tuairiscithe ag an Institiúid nach bhfuarthas aon ghearán maidir le ball ar bith i réigiún na hÉireann le linn 2013.